## IARSCRÍBHINN VIII
## Na táscairí aschuir agus toraidh dá dtagraítear in Airteagal 28(3)

**Sainchuspóir 1:** Gach gné den Chomhchóras Eorpach Tearmainn a neartú agus a fhorbairt, lena n-áirítear a ghné sheachtrach:

1. Líon na ndaoine ón spriocghrúpa ar tugadh cúnamh dóibh le tacaíocht ón gCiste:
   (a) Líon na ndaoine atá sa spriocghrúpa a bhaineann tairbhe as faisnéis agus as cúnamh de bhun na nósanna imeachta tearmainn;
   (b) Líon na ndaoine atá sa spriocghrúpa a bhaineann tairbhe as cúnamh dlí agus as ionadaíocht dhlíthiúil;
   (c) Líon na ndaoine leochaileacha, íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, agus na mionaoiseach neamhthionlactha a bhaineann tairbhe ó chúnamh sonrach.
2. Cumas (líon na n-áiteanna) an bhonneagair nua cóiríochta glactha a cuireadh ar bun i gcomhréir leis na comhcheanglais do choinníollacha glactha a leagtar amach in *acquis* an Aontais agus i gcomhréir leis an mbonneagar cóiríochta glactha atá ann cheana ar cuireadh feabhas air i gcomhréir leis na ceanglais chéanna de bharr na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ón gCiste agus an céatadán sa chumas cóiríochta glactha iomlán;
3. Líon na n-áiteanna arna n-oiriúnú do mhionaoisigh neamhthionlactha arna dtacú ag an gCiste i gcomparáid le líon iomlán na n-áiteanna arna n-oiriúnú do mhionaoisigh neamhthionlactha.
4. Líon na ndaoine a fhaigheann oiliúint ar ábhair a bhaineann le tearmann le cúnamh ón gCiste, agus an líon sin léirithe mar chéatadán de líon iomlán den fhoireann a fuair oiliúint maidir leis na hábhair sin;
5. Líon na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a aistrítear ó Bhallstát amháin go Ballstát eile le tacaíocht ón gCiste;
6. Líon na ndaoine ar ndearnadh iad a athlonnú le tacaíocht ón gCiste.

**Sainchuspóir 2:** Tacú leis an imirce dhleathach chuig na Ballstáit lena n-áirítear rannchuidiú le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír:

1. Líon na ndaoine a ghlac páirt i mbearta réamh-imeachta a fuair tacaíocht ón gCiste.
2. Líon na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a chuir bearta lánpháirtíochta chun feidhme le tacaíocht ón gCiste.
3. Líon na ndaoine a ghlac páirt i mbearta réamh-imeachta a fuair tacaíocht faoin gCiste ag díriú ar:
   (a) oideachas agus oiliúint;
   (b) lánpháirtiú sa mhargadh saothair;
   (c) rochtain ar sheirbhísí bunúsacha; agus
   (d) rannpháirtíocht ghníomhach agus cuimsiú sóisialta.

4. Líon na ndaoine a bhí rannpháirteach i mbearta lánpháirtíochta arna dtacú ag an gCiste a thuairiscíonn go raibh na bearta chun tairbhe dóibh dá lánpháirtiú luath i gcomparáid le líon iomlán na ndaoine a bhí rannpháirteach sna bearta lánpháirtíochta arna dtacú ag an gCiste;

**Sainchuspóir 3**: Rannchuidiú leis an imirce neamhrialta a throid agus éifeachtacht an fhillte agus an athligean isteach i dtríú tíortha a áirithiú:

1. Líon na n-áiteanna in ionaid choinneála arna gcruthú/n-athchóiriú le tacaíocht ón gCiste, i gcomparáid le líon iomlán na n-áiteanna arna gcruthú/n-athchóiriú in ionaid choinneála.
2. Líon na ndaoine a fhaigheann oiliúint ar ábhair a bhaineann le filleadh agus a fhaigheann cúnamh ón gCiste.
3. Líon na bhfillithe a raibh a bhfilleadh cómhaoinithe ag an gCiste i gcomparáid le líon iomlán na bhfillithe a bhfuil ordú chun imeachta á gcomhlíonadh acu:
   (a) daoine a d’fhill go toilteanach;
   (b) daoine a díbríodh.
4. Líon na bhfillithe a fuair cúnamh athlánpháirtíochta roimh nó i ndiaidh a bhfillte agus é cómhaoinithe ag an gCiste, i gcomparáid le líon iomlán na bhfilltí arna dtacú ag an gCiste.